



Ríomhchláraitheoir Sonraí Cúnta (Páirtaimseartha)

Post ar conradh ar théarma seasta suas le 12 mhí le tosú Samhain 2015.

Cúlra an Róil:

Scoil i nDámh na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta is ea FIONTAR atá aitheanta go hidirnáisiúnta as nádúr idirdhisciplíneach na gclár a sholáthraítear inti agus an taighde atá ar bun, go háirithe i réimse na ndaonnachtaí digiteacha. Tá cláir FIONTAR, ag leibhéal na bunchéime agus na hiarchéime, deartha i dtreo is go dtreiseofar scileanna praiticiúla agus acadúla na rannpháirtithe, agus le go gcuirfead lena bhforás leanúnach gairmiúil. Tuilleadh eolais ar fáil ag:

www.dcu.ie/fiontar/gaeilge/index.shtml.

Tá FIONTAR ag earcú **Ríomhchláraitheoir Sonraí Cúnta páirtaimseartha** ar conradh ar théarma seasta suas le 12 mhí chun 2.5 lá sa tseachtain a chaitheamh ag obair ar thionscadail éagsúla sna daonnachtaí digiteacha Gaeilge. Tá cúig thionscadal taighde faoi chúram FIONTAR faoi láthair, agus beidh obair ar na tionscadail éagsúla i gceist: www.logainm.ie, www.tearma.ie, www.ainm.ie, www.iate.europa.eu (na téarmaí Gaeilge) agus www.duchas.ie (chun Cnuasach Bhéaloideas Éireann a dhigitiú agus a fhoilsiú ar líne i gcomhar le UCD). Tá meitheal taighde lánaimseartha in FIONTAR agus beidh an ríomhchláraitheoir sonraí cúnta a cheapfar ag obair i ndlúthpháirt leis an bhfoireann sin.

Eolas Maoinithe: Déanann an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta le tacaíocht ón gCrannchur Náisiúnta, páirtmhaoiniú ar chuid de na tionscadail seo.

I measc na ndualgas a bhaineann leis an ról seo tá na cinn seo a leanas: forbairt feidhmchlár gréasáin, scríptiú agus uathoibriú, riar bunachair sonraí, agus tascanna riaracháin teicniúla eile amhail iomportáil/easpórtáil bunachair sonraí, leathanaigh ghréasáin a nuashonrú, etc. Baineann an obair leis na holltionscadail taighde dhigiteacha go léir atá faoi chúram FIONTAR, agus is faoi stiúir an Dr Brian Ó Raghallaigh a chuirfead an obair i gcrích. Is iad na tionscadail atá i gceist ná: tearma.ie (Bunachar Náisiúnta Téarmaíochta na hÉireann), logainm.ie (Bunachar Náisiúnta Logainmneacha na hÉireann), LEX (Téarmaíocht Ghaeilge don AE – bunachar ilteangach téarmaí), ainm.ie (Digitiú beathaisnéisí Gaeilge ón tsraith *Beathaisnéis*), duchas.ie (Digitiú Chnuasach Bhéaloideas Éireann). Baineann gach ceann de na tionscadail sin úsáid fhairsing as teicneolaíochtaí gréasáin agus bunachair.

Taithí & Cáilíochtaí:

Bunchéim onóracha sa ríomhaireacht agus/nó cáilíocht iarchéime sa réimse sin. Bheadh taithí ríomhaireachta ábhartha ina chuidiú. Ní mór don iarrthóir scileanna maithe ríomhaireachta, ríomhchláraithe, agus scríbhneoireachta a bheith aige/aici, chomh maith le cumas maith i labhairt agus i léamh na Gaeilge.

Ní mór don té a cheapfar bheith sásta oibriú i meitheal idirdhisciplíneach, bheith dea-eagraithe, tionscantach agus in ann spriocanna a chomhlíonadh. Post páirtaimseartha é seo agus dá réir sin, beidh solúbthacht áirithe sna huaireanta oibre. D'fhéadfadh sé go n-oirfeadh an deis seo go maith do mhac léinn iarchéime atá i mbun taighde sa ríomhaireacht nó sa ríomhtheangeolaíocht.

Tuarastal: €16,718 per annum (€33,436 per annum pro-rata)

Spríodhata iarratais: 2 Deireadh Fómhair 2015

Fiosrúcháin Neamhfhoirmeálta: Tá fáilte roimh iarrthóirí teagmháil le FIONTAR chun an post seo a phlé: An Dr Brian Ó Raghallaigh, Teil: +353 (0)1 7005615; brian.orphallaigh@dcu.ie.

Iarratais ar an bPost:

Chun cur isteach ar an bpost seo, ní mór foirm iarratais i nGaeilge a chomhlánú. Tá foirmeacha iarratais ar fáil ar shuíomh gréasáin DCU, Folúntais Reatha (Comórtais Oscailte): www.dcu.ie/vacancies/current.shtml agus ón Rannóg Acmhainní Daonna, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath 9. Teil: +353 (0)1 7005149.

Ba chóir iarratais a sheoladh de r-phost chuig hr.applications@dcu.ie, le Facs: +353 (0)1 7005500 nó tríd an bpost chuig An Rannóg Acmhainní Daonna, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath 9. Teil: +353 (0)1 7005149; Fax: +353 (0)1 7005500.

Fostóir comhdheiseanna is ea Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.